Clár

Seirbhís Leabharlainne 2
Seirbhís Ealaíon 7
Seirbhís Cartlainne 12
Seirbhís Iarsmalainne 14
Ealaín Phoiblí 17
Oifig Oidhreachta 20
Ionad Cultúrtha Réigiúnach 25
Pearsanra de chuid Rannáin na Seirbhísí Chultúrtha 30

Réamhrá

Tá cur chuige réamhghníomhach ag Comhairle Chontae Dhún na nGall i ndáileadh soláthar seirbhísí cultúrtha sa chontae. Tugann an foilsiúcán seo léiriú ar rogha is togha de na himeachtaí is na dul chun cinn a chuir Rannán na Seirbhísí Chultúrtha – idir an tSeirbhís Leabharlainne, na Seirbhisí Ealaíon (Ealaín an Chontae, Ionad Chultúrtha Réigiúnach, Ealaín Phoiblí) agus Oidhreachta (Musaém, Cartlann, Oidhreacht) - os comhar an phobal le linn 2010.

Aithníonn na Comhaltaí Tofa de chuid Comhairle Chontae Dhún na nGall cé comh tábhachtach is atá an Chultúr mar achmhainn do Chontae Dhún na nGall agus, ar a tséala sin, saothraíonn muid go dian le tácaíocht bliantiúl a chur ar fáil don éarnál tábhachtach, lárnach seo. Tá sí mar aidhm againne go leanfaidh an Comhairle Chontae ag cur Seirbhís Chultúrtha d'ardchaighdeán ar fáil don phobal, mar fheidhm lárnach dá cuid réimse iomlán seirbhisí.

Tá cúig sprioc ag Rannán na Seirbhísí Cultúrtha i dtaobh forbairt chultúrtha sa chontae sna blianta atá amach romhainn. Is iad sin (i) fáil ar imeachtaí cultúrtha i gContae Dhún na nGall a fheabhsú agus rannpháirtíocht iontu a mhéadú (ii) seirbhís d'ardchaighdeán a chothú agus a fhorbairt (iii) fiúntas oideachasúil an chultúir a chur chun cinn agus a fhorbairt (iv) sármhaitheas agus nuáil a chur chun cinn agus (v) tábhacht an chultúir a chur chun cinn agus an oidhreacht chultúrtha a chaomhnú. Cé gur cuspóirí ardleibhéileacha iad seo, is réimse taithí cultúrtha iad i ndeireadh na ndála, ar féidir leis an bpobal uilig maitheas agus taitneamh a bhaint astu. Cuireann na taithí ar leith seo go mór le forbairt an duine, i dtaobh páistí ach go háitithe agus i gcás daoine fásta comh maith. Cuirtear na haireactála seo ar fáil ionnas go mbainfidh sibh taitneamh, eolas agus fiú tairbhe oideachasúil astu. Molaim daoibh uilig na seansanna seo a ghlacadh libh go díograsach. Táimd ag súil go mór le cabhrú libh.

An Clr. Noel McBride
Méara Chontae Dhún na nGall

Seirbhís Leabharlainne

THUGADH 312, 018 CUAIRT AR LEABHARLANNA DHÚN NA NGALL SA BHLIAN 2010. TÁ SÉ SEO IONANN LE HARDÚ 5% AR LÍON NA GCUAIRTEOIRÍ I 2009

Leabharlann Úrnua do Ghaoth Dobhair

I mí Iúil, d'fhógair an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil go raibh maoiniú de €600,000 ar fáil faoi choinne leabharlann úr i nGaoth Dobhair. Ó shin i leith, bhí foireann na leabharlainne ag comhoibriú le hÚdaras na Gaeltachta ar Áislann Ghaoth Dobhair. Bhí formhór na tógála críochnaithe ag deireadh na bliana. Is spás comhaimseartha a bheas sa leabharlann seo a mbeidh rochtain ag an phobal go léir air nuair a osclófar é sa bhliain 2011.

Ionad Faisnéise Europe Direct, An Lárleabharlann, Leitir Ceanainn

Cuireann Ionad Faisnéise Europe Direct rochtain ar fáil chuig suímh gréasáin agus foilseacháin de chuid Choimisiún na hEorpa maraon le líne teileafóin saor in aisce go dtí an Eoraip. Sa bhliain 2010 thug an tIonad freagra ar 102 glaonna teileafóin agus 555 ríomhphost agus lena chois sin láimhseáladh 2895 fiosrúchán pearsanta.

D'eagraigh an tIonad 30 imeacht (le 3000 rannpháirtí), ó cheardlanna timpeallachta agus frithchiníochais go ranganna teanga agus comórtas darb ainm Seachtain Soghluaisteachta Eorpach agus a raibh sé mar thoradh air gur cuireadh áit pháirceála do rothair ar fáil ag an Lárleabharlann.

Ceann amháin de na buaicphointí ab ea an comórtas réigiúnach deiridh den Dúshlán Díospóireachta, 'Fuinneamh Gaoithe – An Todhchaí nó Smál ar an Tírdhreach?' ['Wind Energy – The Future or a Blot on the Landscape?'] Dúradh gurb é seo 'an díospóireacht ar fhuinneamh gaoithe ab fhearr a ndearnadh freastal uirthi sa tír'. Chuaigh an buaiteoir ar aghaidh go dtí an craobhchomórtas náisiúnta i Farmleigh, Baile Átha Cliath.

Wainfest

Ba í Méara an Chontae, an Comhairleoir Cora Harvey, a sheol an Ceathrú Féile Wainfest Déag sa Lárleabharlann i mí Dheireadh Fómhair. D'fhreastail corradh le 5100 páiste agus daoine óga, maraon lena dtuismitheoirí agus múinteoirí, ar 116 imeacht i leabharlanna agus in ionaid Taobh Tíre.

Chomh maith leis an lucht tallainne áitiúil, ina measc Joe Brennan agus Sharon Aicken, tháinig daoine a raibh gnaoi an phobail orthu ar ais sa bhliain 2010, daoine macasamhail Michael Moylan lena chuid ceardlanna stairiúla agus eolaíochta, agus Niall de Búrca agus a chuid scéalaíochta beoga.

Bealtaine

Sa bhliain 2010, rinne Féile Bhealtaine, a chuireann chun cinn cruthaitheacht i measc seanóirí, ceiliúradh ar an Tríú Bliain Déag i nDún na nGall le réimse leitheadach imeachtaí, ina measc scéalaíocht, cóiriú bláthanna, cniotáil chiorclach, déanamh scuab, ceol agus amhránaíocht.

I measc an tallann áitiúil a bhí i láthair, bhí Aussie Bryson agus Fergus Cleary. Eagraíodh clár ina raibh níos mó na 87 imeacht a cuireadh ar siúl in 20 áit, i leabharlanna agus in Ionaid Taobh Tíre, agus d'fhreastail corradh le 800 duine orthu sin.

Seachtain na Gaeilge

Tá béim ar chur chun cinn na Gaeilge sa phlean straitéiseach 'Ceangail Chultúrtha'. Reáchtáladh Seachtain na Gaeilge ón 8ú lá go dtí an 17ú lá de mhí Mhárta. Bhain 404 duine sult agus pléisiúr as comórtaisí Tráth na gCeist Boird, scéalaíocht, agus imeachtaí eile. Cuireadh ábhar stoic i nGaeilge chun cinn agus thug baill foirne leabharlainne cuairt ar Ghaelscoileanna agus ar naíonraí.

Dornán Staitisticí

Tugadh 312,018 cuairt ar leabharlanna Dhún na nGall sa bhliain 2010, (2122 cuairt an 1000 daonra). Fuair na cuairteoirí sin 351,402 earra ar iasacht. Tá sé seo ionann le hardú 5% ar líon na gcuairteoirí i 2009 agus ardú de 12% ar líon na n-earraí a tugadh amach ar iasacht – in ainneoin laghdú de 16% in uaireanta oscailte na leabharlann de bharr laghdú i líon na mball foirne.

Le chéile, bhí na leabharlanna ar oscailt 346.8 uair in aghaidh na seachtaine. Lena chois sin, rinne an leabharlann soghluaiste trasteorann 11 stad in aghaidh na seachtaine i nDún na nGall.

Glacadh 29,511 seisiún Idirlín. Eatarthu go léir, chuir na leabharlanna i ngach ceantar 81 taispeántas ar siúl chomh maith le 289 imeacht eagraithe. Rinne na leabharlanna cuid mhór cuairteanna for-rochtana fosta, ag tabhairt tacaíochta d'aonaid altranais, grúpaí súgartha agus scoileanna ar fud Dhún na nGall.

Leabhair Mhóréilimh

Ba iad 'The Official Theory Test for Learner Drivers', agus ansin 'Little Darlings', le Jacqueline Wilson, an dá leabhar a ba mhinicí a tugadh amach ar iasacht i nDún na nGall sa bhliain 2010.

Bhí na húdair iomráiteacha Stieg Larsson, Dan Brown, Marian Keyes, Maeve Binchy, Colm Toibín agus Patricia Scanlan i measc na ndeich dteideal ar bharr an liosta a fuarthas ar iasacht. Den 100 teideal is mó a raibh ráchairt orthu, leabhair do pháistí agus do dhaoine óga ab ea beagnach 50% díobh. De réir cosúlachta, is maith le páistí i gcónaí a bheith ag léamh!

Cláracha i bhForbairt Léitheoirí

Bronnadh maoiniú de €10,000 ó Chlár Peace III ar Taobh Tíre ar mhaithe le dhá chlár i bhforbairt léitheoirí a sheachadadh: Sa chlár 'Anything to Declare?', chuinnigh daoine óga (in Ionad Acmhainne Teaghlaigh Bhaile Suingean/An Charraigín) scéalta agus cuimhní cinn fá Na Trioblóidí ó dhaoine níos sine. De thairbhe a bheith ag obair le héascaitheoir ó Ionad Verbal Arts, fuair siad taithí agus scileanna maidir le hagallaimh agus taighde a dhéanamh comh maith le teicnící taifeadta, a chuir ar a gcumas an dlúthdhiosca 'Anything to Declare ?', a fhoilsiú agus a chur ar taispeántas i mí na Samhna.

Reáchtáladh an clár 'Paper Stories' in Áras Sheáin Bháin i mBaile na Finne, i gComharchumann Forbartha agus Fostaíochta Árainn Mhór, in Ionad Acmhainne Teaghlaigh an Forge i bPaiteagó agus in Ionad Acmhainne Teaghlaigh Mhíobhaigh sna Dúnaibh. Ba é an comhlacht foilsitheoireachta, Kids Own, a rinne éascú ar an chlár a raibh sé mar aidhm aige deiseanna a chruthú do thuismitheoirí agus dá bpáistí óga oibriú le chéile chun a gcuid leabhar féin a dhéanamh. As sin tháinig foilseachán aonuaire dar teideal 'Ag Obair le Chéile', a bheifear á sheoladh in 2011.

Togra 'Scéalta Roinnte'

Léirigh tuarascáil darb ainm 'Reading for Change' a d'fhoilsigh an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD), go raibh léitheoireacht ar mhaithe le pléisiúr níos tábhachtaí do ghnóthachan oideachasúil an pháiste ná saibhreas teaghlaigh nó aicme shóisialta. Is é seo an réasúnaíocht atá mar bhunú le 'Scéalta Roinnte'.

A bhuí do mhaoiniú €5,000 ó Chlár Peace III, cuireadh 29 bailiúchán leabhar ar fáil i leabharlanna agus in ionaid Taobh Tíre. I ngach bailiúchán tá leabhair pictiúir, leabhair scéalaíochta agus finscéalta ó gach cearn den domhan, chomh maith le le abhair fá pháistí de gach cine, ag taispeáint na

difríochtaí agus ar ndóigh na rudaí atá coitianta do pháistí ar fud na cruinne. Tá liosta léitheoireachta ar fáil.

Leabharlann Phobail Bhun Dobhráin ag cuidiú leat 'Glac Scíth agus Léigh' !

Anois is féidir leat do chuid tae nó caife a ordú i gcaifé áitiúil agus do scíth a ligint le linn duit a bheith ag léamh leabhar dheas ón Leabharlann. Nuair a cuireadh an feachtas 'Glac Scíth agus Léigh' sa tsiúl i mBun Dobhráin, thoiligh ceithre chaifé áitiúil dornán leabhar ón leabharlann a chur ar taispeántas ar bhunús trialach i rith an tsamhraidh. Tugadh daichead leabhar do gach caifé, ina measc leabhair do pháistí, scéalta gairide, leabhair taistil agus eagráin tábla – a d'féadfaí a léamh go furasta le linn a bheith ag ól cupa tae. D'éirigh chomh maith sin le "Glac Scíth agus Léigh' gur leanadh ar aghaidh leis i rith an gheimhridh.

Scríbhneoireacht Chruthaitheach ar an Chlochán Liath

De bharr riachtanas a tháinig chun solais, chuir an fhoireann i Leabharlann Phobail na Rosann fógra sna nuachtáin áitiúla do dhaoine a bhí i bhfách le grúpa scríbhneoireachta cruthaithaí a bhunú. Bhí a gcruinniú bunaidh ag an ghrúpa i mí Aibreáin agus ó shin i leith, tagann siad le chéile sa Leabharlann gach Máirt agus déanann siad filíocht, prós &rl. a chumadh. Seolfar a gcéad chnuasach, 'Patchwork', sa leabharlann in 2011.

Cartlann Scannán an Iarthuaiscirt i Leabharlann Leifir

Mar chuid den tSeachtain Oidhreachta i mí Lúnasa, rinne Leabharlann Leifir aíocht ar Chartlann Scannán an Iarthuaiscirt, ina bhfuil scannáin agus ábhar físeáin ó Dhoire agus Dún na nGall.

Áirithe san obair shuntasach, bhí saothair ó lucht scannánaíochta áitiúla Terence McDonald, James Canavan, John Grant agus Atsy McCaul, a thuairiscigh an saol sóisialta agus cultúrtha le 50 bhliain anuas. Le cur leis an chartlann, chuir an fhoireann taispeántas le chéile – gnéithe de stair Leifir ón naoú haois déag ar aghaidh.

An Leabharlann Taistil

Is acmhainn soghluaiste ar leith atá sa Leabharlann Taistil ina bhfuil leabhair do pháistí atá déanta ag páistí iad féin. Chomhoibrigh éascaitheoirí ón gcomhlacht Kids Own le daoine óga agus a dtuismitheoirí i Leabharlann Bhun Dobhráin. Ansin, cuireadh a gcuid scríbhneoireachta agus líníochtaí in éineacht le cinn a rinne páistí ó leabharlanna eile i Sligeach, Inis Ceithleann agus Doire, agus foilsíodh leabhar dar teideal 'Ding Dong, Right or Wrong? Children's Rights, Needs and Visions for the Future'. Rinne an tAire Leanaí an leabhar a sheoladh go hoifigiúil i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna.

Reáchtáladh seoladh áitiúil i mBun Dobhráin, áit ar léigh na páistí áitiúla a gcuid scéalta féin ón leabhar agus bronnadh cóip comhlántach ar gach páiste. Is deis iontach a bhí sa togra seo don tseirbhís leabharlainne faoi choinne méadú a dhéanamh ar idirghníomhaíocht na bpáistí le leabharlanna agus leabhair maraon le léitheoireacht a chur chun cinn mar uirlis faisnéise agus mar chaitheamh aimsire pléisiúrtha agus cruthaitheach.

Comhoibriú le Seirbhísí eile na Comhairle

Déanann an tSeachtain um Chuimsitheacht Shóisialta, a eagraíonn an tAonad Cuimsitheachta Sóisialta,

Ó CHLÉ: **Clár Taobh Tíre i bhForbairt Léitheoirí, 'Ag Obair le Chéile'.**
Grianghraf : Comhpháirtíocht Foilsitheoireachta Kids Own

Lainseáil ar an Leabharlann Taistil.
Grianghraf : Comhpháirtíocht Foilsitheoireachta Kids Own

Togra scéalaíochta darbh ainm 'Scéalta Roinnte /Shared Stories' sa Lárleabharlann.
Grianghraf: An tSeirbhís Leabharlainne

Leabharlann Ghaoth Dobhair.
Grianghraf: Desks International

fógraíocht agus cur chun tosaigh ar an obair a dhéanann an Chomhairle i dtaca le seirbhís do chuimsitheacht shóisialta a sholáthar – agus cé atá suite níos fearr ná an tSeirbhís Leabharlainne chun cuidiú leis an Aonad é sin a dhéanamh?

A bhuí do 16 leabharlann agus 14 ionad Taobh Tíre, tá na leabharlann in ann teagmháil a bheith acu le pobail ar fud fad an Chontae. Tá an mhórchuid de na seirbhísí saor in aisce agus infhaighte ag an phobal. I measc na n-imeachtaí leabharlainne a eagraíodh i mbliana, bhí scéalaíocht, am ríme do pháistí, scríbhneoireacht chruthaitheach agus taispeántais.

Seirbhísí ICT i Leabharlann Dhún na nGall

Rinneadh feabhsúcháin mhóra ar áiseanna agus ar sheirbhísí Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide (ICT) i leabharlanna Dhún na nGall le linn 2010 de bhrí go ndearnadh bog earraí úrnua a chur isteach i gcomhair bainistiú leabharlainne. Laghdaíonn an córas nua cuid mhór ama ó cheannaítear earraí go dtí go mbíonn siad curtha ar seilf na leabharlainne agus sábháiltear airgead cionn is go n-úsáidtear ríomhphost agus nótaí téacs i gcás earraí atá 'thar téarma' agus d'áirithintí. Baintear úsáid as teirminéil féineisiúint sna leabharlanna níos gnóthaí agus laghdaíonn sé sin ciúnna.

Tá córas cuimsitheach tuairiscithe i bhfeidhm a chuidíonn an stoc a bhainistiú níos éifeachtaí. Fuair Comhairle Chontae Dhún na nGall maoiniú in 2010, faoi Scéim Rochtana agus Tacaíochta na Leabharlann Poiblí (PLASIS) ar mhaithe le línte a uasghrádú sna leabharlanna i nGaoth Dobhair, Ráth Bhoth agus i mBun an Phobail chomh maith le WIFI poiblí sna leabharlanna i Leitir Ceanainn, Carn Domhnach, Bealach Féich agus Bun Dobhráin. Leanadh ar aghaidh go Pas 3 den togra rathúil 'FÁS e-learning @ The Library', le líon iomlán de 276 dalta cláraithe ar an chúrsa sna 16 leabharlann agus Ionaid Taobh Tíre.

Staidéir Dhún na nGall

Tá corradh le 32,000 leabhar, CDanna, DVDanna, léarscáil &rl. i mbailiúchán Staidéir Dhún na nGall. Sa bhliain 2010 ceannaíodh tuilleadh eagrán digitithe de nuachtáin áitiúla. Cuireadh foilseacháin úra leis an bhailiúchán i rith na bliana. Tá liosta de na leabhair agus de na hailt irise úrnua go léir foilsithe sa 'Donegal Annual ' agus ar an suíomh gréasáin www.donegallibrary.ie.

'Cé a Shíleann tú atá Ionat?'

D'fhreastail níos mó ná 1070 duine ar imeachtaí de chuid Staidéir Dhún na nGall a reáchtáladh in 11 leabharlann. Ceann de na cinn a ba spéisiúla ab ea 'Cé a Shíleann tú atá Ionat ?' ('Who do You think You are ?) - sraith de cheithre cheardlann ginealais a bhí ar siúl sa Lárleabharlann agus a eagraíodh i gcomhar le Cartlannaí na Comhairle agus Oifig na dTaidfead Poiblí Fheidhmeannas na Seirbhíse Sláinte. Cuireadh 176 rannpháirtí ar an eolas faoina hacmhainní ginealais sa Lárleabharlann. Rinne foireann ó Oifig Dhún na nGall na mBreitheanna, Póstaí agus Básanna ginealach teaghlaigh a lorg do Shaun Doherty, Highland Radio, agus do Phearsa Dhún na nGall na Bliana, Mairéad Ní Mhaonaigh. Bhain breis is 250 duine eile pléisiúr as 6 imeacht for-rochtana de chuid Staidéir Dhún na nGall.

'Ag Gníomhú don Athrach'

Sa bhliain 2010 thug compántas amharclainne Smashing Times cuairt ar

Seirbhís Ealaíon

> D'FHREASTAIL NÍOS MÓ NÁ 1070 DUINE AR IMEACHTAÍ DE CHUID STAIDÉIR DHÚN NA NGALL A REÁCHTÁLADH IN 11 LEABHARLANN. CEANN DE NA CINN A BA SPÉISIÚLA AB EA 'CÉ A SHÍLEANN TÚ ATÁ IONAT?'

Inis Eoghain agus chuir siad ceardlanna leis an teama 'Ag Gníomhú don Athrach' ar fáil san Ionad Seirbísí Pobail i gCarn Domhnach.

Baineadh úsáid as drámaíocht chun dul i ngleic le leithlisiú agus chun comhionannas a chur chun cinn. Bhí baill as Carn Domhnach, Bun an Phobail, Bun Crannchа agus Lárleabharlann Dhoire rannpháirteach sa togra agus fuarthas scríbhneoirí gairmiúla scripte chun script bunaithe ar na ceardlanna a chur le chéile. Cuirfear é seo ar stáitse i gCarn Domhnach in 2011.

Carbhán Scéalaíochta

Rinne leabharlanna Dhún na nGall óstáil ar an Charbhán Scéalaíochta go Carn Domhnach agus Ráth Bhoth mar chuid d'Fhéile Ealaíne an Earagail. Chuaigh páistí as amharc isteach sa charbhán ar mhaithe le héisteacht go fonnmhar le scéalta dochreidte ó gach cearn den domhan!

Ealaín Chosán Sráide 'Wildchild'

I rith Seachtain na hOidhreachta, rinne Leabharlann Bhaile na nGallóglach aíocht ar thogra nuálach darb ainm 'Wildchild Pavement Art' ar mhaithe le cruthaitheacht teaghlaigh agus gníomhaíochtaí faoin aer a spreagadh. D'éirigh go hiontach leis an togra seo a thabharfar chun suntais sa cheardlann náisiúnta, 'Success Stories' d'fhoirne na leabharlann phoiblí in 2011.

Ciara Cunnane, Bainisteoir Ionad Eolais Europe Direct (EDIC), sa Lárleabharlann i Leitir Ceanainn, ag fógairt díospóireacht EDIC fá 'Fuinneamh Gaoithe – An Todhchaí nó Smál ar an Tírdhreach?' (Wind Energy - The Future or a Blot on The Landscape ?').
Grianghraf: **Joanne Sweeney-Burke, Media Box**

Dámhlann an Ghleanna

Bhronn Cathal Ó Searcaigh, file agus scríbhneoir, a chartlann iomlán ar mhuintir Dhún na nGall sa bhliain 1999. Tá a chuid lámscríbhinní bunaidh agus ollbhailiúchán pearsanta leabhar agus saothar dearcealaíon áiríthe sa bhronnadh seo.

Tá na leabhair agus na saothair ealaíon curtha isteach anois i nDámhlann an Ghleanna, béal dorais le teach cónaithe Chathail i Mín a'Leagha. Ba í Comhairle Chontae Dhún na nGall, i gcomhpháirtíocht le hÚdarás na Gaeltachta agus An Comhairle Ealaíon a thóg an áis seo.

Tig le scríbhneoirí, lucht acadúil agus daoine ón phobal a theacht le páirt a ghlacadh i seisiúin léitheoireachta chomh maith le freastal a dhéanamh ar imeachtaí eile ealaíon sa Dámhlann. Rinneadh an oscailt oifigiúil le linn Féile Ealaíne an Earagail na bliana 2010 agus reáchtáladh an chéad imeacht bunaidh ag an am céanna.

An tSeirbhís Ealaíon

Cuireann Comhairle Chontae Dhún na nGall réimse tacaíochta ar fáil faoi choinne forbairt na nEalaíon i nDún na nGall. Oibríonn an tSeirbhís Ealaíon go dlúth le réimse leathan ealaíontóirí, eagraíochtaí ealaíon, soláthraithe seirbhíse oideachais agus grúpaí pobail i ngach cearn den Chontae. Ag cur leis na spriocanna agus na haidhmeanna atá sa 'Phlean Straitéiseach um Cheangail Chultúrtha do Rannán na Seirbhísí Cultúrtha 2009 –2014', tugann an obair seo tús áite d'fheabhsúchán leanúnach ar rochtain ar ghníomhaíochtaí cruthaitheacha agus do rannpháirtíocht gach ball den phobal iontu, d'fhorbairt agus do chur chun cinn fiúntas oideachasúil na n-ealaíon, agus tacaíonn sí le cáilíocht agus nuáil san earnáil ealaíon.

An 10ú Féile Bhá Dhún na nGall agus na gCruach Ghorm

Réachtáladh an 10ú Féile Bhá Dhún na nGall agus na gCruach Ghorm ón 25ú Meán Fómhair go dtí an 3ú Deireadh Fómhair. Bhí léiriúcháin úrnua ó Chompántas Amharclainne an Bhaloir ('Women on The Verge of HRT' le Marie Jones) agus ó Chiorcal Drámaíochta Dhún na nGall ('The Lonesome West' le Martin McDonagh) ar chlár na Féile, chomh maith leis an chéad léiriú poiblí de 'High Shelves and Long Counters' – taispeántas ollmhór ó Heike Theile agus Winifred McNulty, le grianghraif agus téacs ag tabhairt cur síos ar an sórt taobh istigh traidisiúnta a bhí i siopaí i nDún na nGall, Sligeach, Liatrom, Tír Eoghain agus Iarthar an Chabhain - a taispeánadh ar fud sráidbhaile Thamhnach an tSalainn.

Le linn na Féile chomh maith, léiríodh saothair úr amharclainne do pháistí, 'The Magic Paintbrush' le compántas Súgradh agus 'Up Where The Clouds Are ' le Handful of Sky. Is dhá chompántas nuabhunaithe i nDún na nGall iad Súgradh agus Handful of Sky. Fosta, rinneadh óstáil ar thaifeadadh dhá eagrán de chlár íocónach RTÉ 'Sunday Miscellany' in Ionad Ealaíon na Mainistreach i mBéal Átha Seanaidh. Ghlac siad seo a leanas páirt sa chlár: na scríbhneoirí Michael Harding, Brian Leyden, John Nee, Denise Blake, Marie Hannigan agus Frances Travers le ceol ó Ceolfhoireann Aireagail Dhún na nGall, Fidil, na Henry Girls agus Catherine agus Ellie McGinley. Craolaíodh na heagráin sin ar an Domhnach, 10ú Deireadh Fómhair, agus ar an Domhnach, 28ú Samhain.

An 2ra Oíche Chultúrtha Bliantúil

Bhí an Oíche Chultúrtha ar siúl i Leitir Ceanainn – agus ar fud na Gaeltachta – ar an Aoine, 24ú Meán Fómhair, 2010. Reáchtáladh an ócáid in ionaid éagsúla, ina measc Páirc Poiblí Baile Leitir Ceanainn – áit ar lonnaigh An Cosán Glas a seó soilsithe iontach, 'Loinnir', cosán dealbhóireachta oíche – Músaem Chontae Dhún na nGall, an Lárionad Cultúrtha Réigiúnach, an Lárleabharlann, Amharclann an Ghrianáin, Ionad Idirchultúrtha Phort na Fáilte, Caifé Foróige sa LOFT, Tionscadal Lucht Siúil Dhún na nGall agus Ardeaglais Naomh Adhamhnán.

Bhí Seirbhísí Cultúrtha Chomhairle Contae Dhún na nGall ar thús cadhnaíochta sna himeachtaí go léir, ina n-áirítear turas treoraithe thart ar oidhreacht ailtireachta Leitir Ceanainn, a raibh an Oifig Oidhreachta ina bhun, agus an tSeirbhís Cartlainne a léirigh a taispeántas 'An tAm Fadó san Am i Láthair' i Músaem an Chontae. Lena

Damhsóirí ó chompántas ArtsEkta, Béal Feirste, i gcuideachta rinnceoirí Dance 4 Lyfe ó Bhéal Átha Seanaidh, ag tabhairt beoléiriú le linn suiteála LUXe ar Dhroicheadh William Allingham mar chuid de pharáid bhliantúil Charnabhal Bhéal Átha Seanaidh.
Grianghraf: Denzel Brown

> “MHEALL AN CARNABHAL LUCHT FÉACHANA DE THUAIRIM IS IDIR 3,500 - 4,000 DUINE GO SRÁIDEANNA BHÉAL ATHA SEANNAIDH”

chois sin, chuir Seirbhís Oideachais Ceoil Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall i láthair Réamhchleachtadh Oscailte ó Cheolfhoireann Óige Dhún na nGall sa Lárionad Cultúrtha Réigiúnach.

San iomlán, bhí 21 ionad cultúrtha páirteach sa chlár a ghin 4,300 cuairt i gcaitheamh an tráthnóna. Ba iad Seirbhísí Cultúrtha Chomhairle Contae Dhún na nGall a d'eagraigh an Oíche Chultúrtha i gcomhar le Comhairle Baile Leitir Ceanainn, an Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt agus Taisce Chultúrtha Bharra an Teampaill.

An 10ú Carnabhal Bhéal Átha Seanaidh

Is é Carnabhal Bhéal Átha Seanaidh an togra ealaíon is mó a bhfuil Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Dhún na nGall tógtha suas leis. Cuireadh tús leis sa bhliain 2001 mar imeacht lárnach bunaidh d'Fhéile Bhá Dhún na nGall agus na gCruach Ghorm.

Tháinig fás agus feabhas air ó shin i leith agus anois bítear ag tnúth go mór leis an ócáid shuntasach seo i bhféilire chultúrtha Dheisceart Dhún na nGall. Óna thús, is comhpháirtíocht de Chomhairle Chontae Dhún na nGall, Comhlacht Forbartha Fiontar na hÉirne Teo., agus Ionad Ealaíon na Mainistreach a eagraíonn an ócáid, le tacaíocht fhíorluachmhar ó Chomhairle Baile Bhéal Átha Seanaidh.

Ba é comhlacht carabhail spiagaí LUXe, atá lonnaithe in Inis Eoghain, a threoraigh agus a rinne éascaíocht ar Charnabhal Bhéal Átha Seanaidh na bliana 2010 a bhí ar siúl tráthnóna Dé Sathairn, 2ú Deireadh Fómhair. Roimhe sin, reáchtáladh clár dian de cheardlanna oscailte agus scoile agus réamhchleachtaí. Astu sin, tháinig an Paráid inar ghlac corradh le 400 duine páirt go díograiseach fonnmhar inti agus a mheall lucht féachana de thuairim is idir 3,500-4,000 duine go sráideanna Bhéal Átha Seanaidh.

Victor Yelamo (dordveidhil) agus Jane Gormley (dordveidhil) ag seinm in éineacht le Ceolfhoireann Aireagail Dhún na nGall ag taifeadadh speisialta in Ionad na Mainistreach, Béal Átha Seanaidh, don chlár raidió 'Sunday Miscellany' a chraolann RTE Raidió 1, mar chuid d'Fhéile Bhá Dhún na nGall agus na gCruach Ghorm
Grianghraf: Ronan Mathews

Amharclann An Ghrianáin

Amharclann An Ghrianáin

Bliain dhúshlánach ab ea 2010 don Ghrianán ar chúpla cúis, agus bhí fadhbanna na géarchéime eacnamaíochta le tabhairt faoi deara go soiléir. Bhí dhá fhachtóir príomha i gceist – laghdú a rinneadh i bpraghsanna na dticéad mar fhreagra ar laghdú i líon an lucht éisteachta/féachana, agus an aimsir an-olc a bhí againn i mí na Nollag. Chiallaigh an dá tharlú sin go raibh titim shuntasach san ioncam ó oifig na ndíolachán don bhliain. Mar sin féin, in ainneoin na ndúshlán atá ann i láthair na huaire, tháinig tuairim is 30,000 duine chuig an amharclann le sult a bhaint as beoléiriúcháin, rud a léiríonn go bhfuil An Grianán lárnach ina saol i gcónaí do mhórán de mhuintir Dhún na nGall.

Scrooge Gafa sa tSneachta

Bhí an aimsir dhoineanta gheimridh ag deireadh na bliana ina cúis le cuid mhór daoine a gcuid áirithintí a chur ar ceal - thar 3000 do seó na Nollag, 'Scrooge' – ach ba mhaith lucht leanúna króga an ghúrú eacnamaíochta David McWilliams, chuig a dtáinig corradh le 300 duine tríd an sneachta lena chluinstint sa seó deireanach de 2010 sa Ghrianán, nuair a bhí McWilliams ar stáitse i léiriúchán de chuid Amharclann na Mainistreach darb ainm 'Outsiders'.

Clár Peace III

De bharr go raibh éiginnteacht faoi mhaoiniú ón Chomharle Ealaíon ar fud na hearnála, bhí deacrachtaí ag baint le léiriúcháin camchuairte den scoth a fhoinsiú. Mar fhreagra na hAmharclainne air seo, rinneadh roinnt léiriúchán nuálach in-tí a thionscnamh, ina measc Scoil Shamhraidh shuntasach darb ainm 'Border Crossings', maoinithe ag PEACE III. Séard a bhí i gceist ná taiscéaladh ar thraidisiúin ceoil agus damhsa na hÉireann agus na hAlban a bhuí do cheardlanna, máistir-ranganna agus coirmeacha ceoil.

Eagraíodh an scoil shamhraidh, a mhair ar feadh dhá sheachtain, i gcomhpháirtíocht leis an Alley Theatre ar an tSrath Bán. Mar éascaitheoir do 'Border Crossings ' bhí an banna ceoil Kintra, a bhfuil an fidléir iomráiteach as Caisleán na Finne, Matt McGranaghan, ina bhun. Bhí lúcháir mhór ar An Grianán nuair a fuarthas breis maoiniúcháin faoi Chlár Peace III ar mhaithe le clár i bhforbairt pobail agus lucht éisteachta/féachana a reáchtáil, cúrsa a thosaigh i mí Dheireadh Fómhair agus a lean ar aghaidh go dtí Márta na bliana 2011.

Áirithe sa chlár, bhí tréimhse chónaitheach ag Little John Nee san Amharclann, áit ar léirigh sé trí cinn de na drámaí is mó a bhfuil sé iomráiteach astu, 'The Derry Boat', 'The Mental' agus 'Rural Electric', le cois gur foilsíodh na scripteanna don trí dhráma sin don chéad uair riamh.

Mick Lally.

I measc na mbuaicphointí eile sa bhliain 2010, bhí an t-aisteoir cáiliúil Mick Lally, nach maireann, ar an ardán sa dráma greannmhar de chuid Amharclann na Cathrach, 'God's Official' , a bhí ar siúl sa Ghrianán i mí Aibreáin, ceann de na drámaí deireanacha ina bhfachtas an t-aisteoir ar stáitse. Chonacthas an tUasal Lally i ndrámaí eile sa Ghrianán anuas thar na blianta, ina measc 'Happy Days', 'The Chastitute' agus 'DruidSynge'. Fear a raibh gnaoi agus gean na ndaoine air agus a bhí ina oirfideach rialta i nDún na nGall i rith a shlí bheatha fada clúiteach, fuair sé bás ar an 10 Lúnasa, 2010. Ar dheis Dé go raibh a anam.

> IN AINNEOIN NA DÚSHLÁN ATÁ ANN, THÁINIG TUAIRIM IS 30,000 DUINE CHUIG AN AMHARCLANN CHUN SULT A BHAINT AS BEOLÉIRIÚCÁIN, RUD A LÉIRÍONN GO BHFUIL AN GRIANÁN LÁRNACH INA SAOL IGCÓNAÍ DO MHÓRÁN DE MHUINTIR DHÚN NA NGALL

An t-aisteoir clúiteach, Mick Lally (nach maireann), ar stáitse in Amharclann an Ghrianáin, i gceann dá chuid drámaí deireanacha, mar réiteoir a d'fhulaing cuid mhór cealgaireachta sa dráma grinn fá pheil, darb ainm 'God's Official', a léirigh Amharclann na Cathrach agus a raibh an-éileamh air
Grianghraf: City Theatre

Saothair Rathúla In-tí

Tá An Grianán i gcónaí tiomanta chun saothair úrnua in-tí a chur ar fáil. Bhí an t-amharclann thar a bheith sásta nuair a d'éirigh go hiontach maith le camchuairt an 'Snow Queen', comhléiriúchán a rinneadh sa bhliain 2009 le compántas Fidget Feet Aerial Dance, go dtí an Civic Theatre, Tamhlacht, in 2010 agus fosta go dtí Amharclann George Bernard Shaw, Ceatharlach, agus chuig An mBocsa Dubh , Gaillimh, go luath in 2011.

Tionscnamh rathúil eile in-tí ab ea 'Live and Kicking', taispeántas iomaíoch samhraidh de thallann ceoil atá ag teacht chun tosaigh san Iarthuaisceart. Bhí an bhua leis an amhránaí/scríbhneoir amhrán as Leifear, Stephen Martin, a thugann beoléiriúícháin faoin ainm Rainy Boy Sleep. Ó shin i leith, bíonn sé le cluinstint go rialta ar BBC Radio 1 agus tá cuireadh aige páirt a ghlacadh i bhFéile Glastonbury in 2011. Is go díreach de thairbhe an mholadh agus an bholscaireacht a fuair sé sa Ghrianán a tháinig an rathúlacht sin.

An 22ú Féile Ealaíne an Earagail

An 22ú Féile Ealaíne an Earagail

Chuir an 22ú Féile Ealaíne an Earagail ar fáil clár ina raibh 160 imeacht in 40 ionad scaipthe thart ar 20 baile agus sráidbhailte, ina measc Oileán Thoraí, Oileán árainn Mhór, Dún Lúiche, Ráth Mealtain, Bealach Féich, Ráth Bhoth, Leitir Ceanainn, An Clochán Liath, Machaire Rabhartaigh, Gaoth Dobhair, Páirc Foraoise na nArdaí, Dún Fionnachaidh, An Fál Carrach, Gort 'a Choirce, Mín an Lábháin, Ráth Maoláin, Carn Domhnach, Bun Cranncha agus Cúil Dabhcha, idir an 3ú agus an 18ú lá de mhí Iúil. Meastar gur fhreastail corradh le 36,500 duine ar imeachtaí na féile – bhí 69% (25,185) díobh sin as Dún na nGall, cuairteoirí as Tuaisceart Éireann ab ea 15% (5,475), tháinig 8% (2,920) go Dún na nGall ó áiteanna eile in Éirinn agus tháinig 8% (2,920) as an Ríocht Aontaithe agus ó áiteanna eile thar lear. (Foinse: Audiences Northern Ireland Survey, EAF 2010).

'Déanta i nDún na nGall'

Tugadh gné úrnua isteach san Fhéile in 2010, sé sin cuireadh béim ar thaispeántas speisialta de tháirgí 'Déanta i nDún na nGall', a thug cuireadh, le tacaíocht ó Chultúr Éireann, do chleachtóirí agus do thionscnóirí ealaíon ó thar lear a theacht go Dún na nGall chun eolas a fháil ar an réimse de tháirgí cultúrtha atá ar fáil sa Chontae, d'fhonn na tionscnóiri sin a spreagadh chun ealaíontóirí ó Dhún na nGall a fhostú dá gcuid clár ealaíon féin.

I measc na n-oirfideach a bhí rannpháirteach sa chlár taispeántais, bhí na Henry Girls, i gcomhshaothar speisialta le banna ceoil bluegrass, The Fox Hunt, ó West Virginia, an tríréad Fidil a sheinneann ceol traidisiúnta, an Dr. Liz Doherty, Doimnic Mac Ghiolla Bhrídé, Grúpa Carnabhail Inis Eoghain, Altan i gceolchoirm le Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall, agus 'ID : Imaging Donegal' – sraith de thaispeántais fótagrafacha, atá coimeádta ag an Lárionad Cultúrtha Réigiúnach. Mar iarmhairt air sin, fuair na Henry Girls, The Fox Hunt agus an Dr. Liz Doherty cuireadh a bheith rannpháirteach san Fhéile 'Ceangail Cheilteacha' i nGlaschú (2011).

An banna ceoil Éireannach, Villagers, a fuair ainmniúchán don Mercury Prize, ag seinm sa Grill, Leitir Ceanainn, mar pháirt d'Fhéile Ealaíon an Earagail
Grianghraf: John Soffe

Buaicphointí na Féile.

I measc buaicphointí eile na féile, bhí beoléiriúcháin ó Les Parfait Inconnus (Ceanada), Villagers agus The Divine Comedy, Aisteoirí Ghaoth Dobhair agus a ndráma meidhreach 'Aintín Séarlais' sa Ghrianán, Duke Special ar Oileán Thoraí agus léiriú sonrach de dhráma Frank McGuinness, 'Dolly West's Kitchen', i dTeach na Gléibe, Mín an Lábáin, teach cónaithe Derek Hill, nach maireann.

CAIBIDIL 3

Seirbhís Cartlainne

FUARAS MAOINIÚ ÓN COMHAIRLE OIDHREACHTA LE CATALÓGÚ A DHÉANAMH AR BHAILIÚCÁN IOMLÁN CARTLANNA CLG DHÚN NA NGALL, AR MHAITHE LENA CHINNTIÚ GO MBEADH FÁIL AG AN PHOBAIL UILIG AIR

Plandáil Uladh: Paca agus Leabhrán Scoile

Is togra atá sa Staidéirphaca Doiciméad do Phlandáil Uladh atá deartha chun beocht a chur sa stair do pháistí agus do dhaoine óga agus chun cuidiú le múinteoirí sa staidéar den tréimhse bunaidh seo den stair, ag úsáid ábhar ó fhoinse príomhúil. Déanann leabhrán, atá maisithe le pictiúir, cur síos mion ar stair thréimhse na Plandála ó Imeacht na nIarlaí sa bhliain 1607 suas go dtí Éirí Amach na bliana 1641, é sin san áireamh. Sa phaca fosta, tá leathanaigh saothair do na daltaí maraon le cóipeanna d'ardchaighdeán den ábhar cartlainne, macasamhail litreacha, léarscáileanna, pleananna, tuairiscí ar na himeachtaí ó choistí, agus portráidí ón ré sin.

Cumann Lúthchleas Ghaeil i nDún na nGall: Stair agus Ábhar Cartlainne

Sa bhliain 2006, bhronn Bord CLG Dhún na nGall a ábhar cartlainne stairiúil ar Chartlann Dhún na nGall. Lorgaíodh agus fuarthas maoiniú ón Chomhairle Oidhreachta sa bhliain 2010 d'fhonn catalógú a dhéanamh ar bhailiúchán iomlán CLG Dhún na nGall ar mhaithe lena chinntiú go mbeadh fáil ag an phobal go léir air. Tá leabhrán maisithe le pictiúir mar chuid den togra seo a tharraingíonn aird ar an ábhar atá coimeádta i gCartlann an Chontae.

Micreascannánú agus Digitiú ar Mhiontuairiscí Chruinnithe Chomhairle Contae Dhún na nGall

Tá caomhnú ábhar cartlainne agus rochtain chuimsitheach ar bhailiúcháin ina ngníomhartha tábhachtacha sa Straitéis um Cheangail Chultúrtha do Rannán na Seirbhísí Cultúrtha. Mar chuid de seo, agus le comhoibriú ó na Seirbhísí Corparáideacha, beartaíodh go ndéanfaí micreascannánú ar na miontuairiscí a bhí sa chartlann ó chruinnithe Chomhairle Chontae Dhún na nGall ar mhaithe le hiad a chaomhnú, go ndéanfaí scanadh digiteach orthu chun go mbeadh fáil ag an phobal orthu agus go gcuirfí ar fáil iad ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

Sa bhliain 2010, rinneadh na miontuairiscí ó 1899 go 1980 a mhicreascannánú agus a dhigitiú. Tá cuid de na miontuairiscí digitithe curtha ar fáil do shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Dhún na nGall; cuirfear tuilleadh leis níos moille.

Suirbhe ar Bhailiúcháin Grianghraf Dhún na nGall

I mí na Samhna 2010, chuathas i mbun suirbhé cuimsitheach ar ábhar cartlainne de bhailúcháin grianghraf a bhaineann le stair agus cultúr Dhún na nGall agus cuireadh an suirbhé i gcrích go luath in 2011. Dá bharr sin, tá bunachar sonraí mionsonraithe ar fáil anois de na bailiúcháin atá coimeádta ar fud na tíre. Fuarthas páirtmhaoiniú ón Chomhairle Oidhreachta agus rinneadh an suirbhe seo i gcomhar leis an Oifig Oidhreachta.

Glacadh le hÁbhair sa Chartlann

Sa bhliain 2010, thug Teagasc i Srath an Urláir saibhreas d'ábhar cartlainne do Chartlann na Comhairle Contae, ábhar a bhí ag an eagraíocht a chuaigh rompu, Coiste Talmhaíochta Chontae Dhún na nGall. I measc na n-ábhar seo, atá liostaithe go hiomlán anois, tá miontuairiscí ó chruinnithe, leabhair litreacha, catalóga seónna agus tuarascála bliantúla ag dul siar 100 bliain.

Taispeántais in Ionad na dTrí Abhainn

Bhí dhá thaispeántas ar siúl sa Chartlann in 2010. Bhí ceann amháin dar teideal 'Mná sna hÁbhair Cartlainne' a cuireadh le chéile ar mhaithe le é bheith ann ag an am céanna le Lá Idirnáisiúnta na mBan agus le Lá na Máithreacha. Thug sé chun suntais bailiúchán éagsúla d'ábhar cartlainne a bhaineann le mná agus cailíní. Níos moille sa bhliain, cuireadh taispeántas, dar teideal 'Eiseamh Sóisialta agus Bochtanas i nDún na nGall sa 19ú aois', le chéile don tSeachtain um Chuimsitheacht Shóisialta. Rinne an taispeántas seo comóradh ar an bhail a tugadh ar na bochta agus ar dhaoine a ndearnadh idirdhealú orthu i nDún na nGall sa 19ú aois. Mar pháirt den taispeántas bhí grianghraif de dhaoine agus d'áiteanna, litreacha, pleananna de thithe na n-oibrithe, leabhair na miontuairiscí ó thithe na mbocht &rl.

'An tAm Fadó san Am i Láthair' – Taispeántas Camchuairte na Cartlainne

Cuireadh Taispeántas Camchuairte na Cartlainne, 'An tAm Fadó san Am i Láthair', a dhéanann ceiliúradh ar 250 bliain de stair agus ábhar cartlainne Dhún na nGall maraon le deich mbliana den tSeirbhís Cartlainne, cuireadh ar taispeáint é sna hOifigí Cosanta Sibhialta i Srath an Urlair, i Músaem an Chontae i Leitir Ceanainn agus sa Leabharlann i mBun Dobhráin, in 2010.

Ó CHLÉ: **Le linn Féile na Bealtaine, d'obair an tSeirbhís Cartlainne leis an Músaém chun sraith seisiún 'Chumhní Cinn' a reachtáil do chónaithigh agus do cuairteoirí chuig ospidéil pobail agus d'ionaid cúram lae, tríd an chontae. Bhaineadh úsáid as bunábhair cartlainne agus iarsmalainne le haghaidh athchuimhneacáin ar an tseansaol a mhealladh ó rannpháirtithe an toghra.**

'A World Apart': Teach na nGealt do Dhúiche Dhún na nGall/Ospidéal Naomh Conaill

Chuidigh an tSeirbhís Cartlainne le Músaem an Chontae lena thaispeántas, 'A World Apart', ar stair Ospidéal Naomh Conaill a seoladh i mí na Nollag 2010.

Seirbhís Iarsmalainne

> BHÍ SCOILEANNA, AN POBAL ÁITIÚL AGUS TURASÓIRÍ THAR A BHEITH SÁSTA LE CLÁR IMEACHTAÍ 'STAIR BEO' DE CHUID AN MUSAÉM

Athbheochan ar Stair Theach na mBocht

Sa bhliain 2010, fuair an Músaem maoiniú ón Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt ar mhaithe le sraith d'imeachtaí ón stair a athbheochan. Tá an Músaem lonnaithe i bpáirt de Theach na mBocht Leitir Ceanainn a tógadh sna 1840idí, agus chun beocht a chur i stair an fhoirgnimh d'eagraigh an Músaem na himeachtaí seo a leanas:

'Stair Beo', imeacht inar tugadh léirmhíniú beo ar an téama 'Teach na mBocht' uair amháin sa tseachtain i rí míonna Iúil agus Lúnasa; sraith léiriúcháin speisialta den 'Stair Beo' sa Mhúsaem ar an oíche a raibh an Oíche Chultúrtha ar siúl (24ú Meán Fómhair) agus dhá chlár, a mhair ar feadh seachtaine an ceann, de cheardlanna saor in aisce ar an 'Stair Beo' sa Mhúsaem, do bhunscoileanna i míonna Dheireadh Fómhair agus na Samhna. Cuireadh an clár imeachtaí seo ar fáil saor in aisce agus bhí scoileanna, an pobal áitiúil agus turasóirí thar a bheith tógtha leo.

Plandáil Uladh

Bhí baint ag an Mhúsaem le dornán tograí ar théamaí fá Phlandáil Uladh. Bhí sé mar aidhm ag na tograí seo uilig feasacht faoin Phlandáil a ardú chomh maith lena tionchar ar phobail i nDoire agus i nDún na nGall araon. I mí Feabhra, i gcomhar le Seirbhís Oidhreachta agus Músaem Chomhairle Cathair Dhoire agus Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae Dhún na nGall, rinne an Músaem trí leabhrán a lainseáil, 'The Plantation in Donegal and Derry', 'Plantation Architecture and Landscape' agus 'The Legacy of the Plantation in Derry and Donegal'.

Tá na leabhráin seo le fáil saor in aisce san am i láthair ó Mhúsaem Contae Dhún na nGall. I rith na bliana, bhí an Músaem ag obair i gcomhar le Seirbhís Oidhreachta agus Músaem Chomhairle Chathair Dhoire agus leis an Nerve Centre ar an togra, 'An Plandóir agus an Gael'.

Tharraing an togra seo grúpaí traspobail, trasteorann ó cheantair Chomhairle Cathair Dhoire agus Chomhairle Contae Dhún na nGall chun a bhfeasacht a ardú agus a n-eolas a mhéadú ar an Phlandáil agus a thábhacht stairiúil. Ar an 1 Iúil, cuireadh críoch leis an togra le seimineár dar teideal 'Plandáil Uladh – Cad a Chillaíonn Sí Sin Dúinn Inniu?'

Togra Idirnáisiúnta 'EDGES'

I gcomhar le Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Dhún na nGall, bhí an Músaem Contae rannpháirteach i dtogra idirnáisiúnta suntasach nuálach, 'EDGES', le comhpháirtithe san Iorua agus san Íoslainn. Lárnach don togra, tá trí thréimhse chónaitheach músaem-bhunaithe d'ealaíontóirí, gach duine acu ag taiscéaladh téama EDGE atá cosúil lena chéile – 'The Edge of The Pier' (Vesterålen, An Iorua, Fómhar, 2010), 'The Edge of the Sea' (Dún na nGall, Samhradh 2010), a dhíríonn ar thurais farraige a rinne manaigh díthreabhacha Dhún na nGall, agus 'The Edge of The Imagination' (An Íoslainn Thoir, 2011), a dhíríonn ar bhéaloideas agus ar chreideamh miotasach.

Ba iad Theresa Kavanagh agus Joleen McLaughlin na healaíontóirí a chaith tréimhse chónaitheach i Musaem Contae Dhún na nGall, dís atá iomráiteach as a gceol traidisiúnta maraon le bheith ina gcumadóirí ceoil. As an obair a rinne siad i gcomhar le ceoltóirí ón Iorua agus ón Íoslainn, tháinig sraith ceoil dar teideal 'The Teelin Voyage' a cluineadh den chéad uair ag Féile Ealaíon an Earagail i mí Iúil 2010.

Daoine a ghlac páirt i gceann de na ceardlanna saor in aisce do dhéanamh Ceardaíocht Nollag a ndearna Músaem an Chontae aíocht orthu agus a raibh teagascóirí ó Bhantracht na Tuaithe ina mbun.
Grianghraf: Caroline Carr

Ealaín Phoiblí

> BHÍ SÉ MAR AIDHM AG NA TOGHRAÍ SEO UILIG NÁ FEASACHT FAOI PLANDÁIL ULADH A ARDÚ, COMH MAITH LENA TIONCHAR AR POBAIL I NDOIRE AGUS I NDÚN NA NGALL ARAON

Imeachtaí Bhealtaine

Le linn Féile Bhealtaine um Chruthaitheacht i Seanóirí, d'eagraigh an Músaem agus an tSeirbhís Cartlainne sraith seisiún Cuimhní Cinn, dar teideal 'Ár Saoil', in ospidéil pobail agus in ionaid chúram lae ar fud an Chontae. Lena chois sin, chomhoibrigh an Músaem le baill foirne ón tSeirbhís Leabharlainne, ón tSeirbhís Chartlainne, ó Chórais Faisnéise, ó Chomhairle Chontae Dhún na nGall agus ó Sheirbhís Chlárúcháin Shibhialta an FSS ar mhaithe le seisiúin i stair teaghlaigh a eagrú saor in aisce gach Céadaoin i rith mí Mheithimh sa Lárleabharlann i Leitir Ceanainn.

Imeachtaí Speisialta

Rinneadh aíocht ar dhá imeacht speisialta sa Mhúsaem le linn 2010. Ar an 30 Márta, bhí teacht le chéile sa Mhúsaem darb ainm 'Chailín Dhún na nGall 1951' agus reáchtáladh 'Seó Faisin le Cor Seanré' ar an 22ú Meitheamh i gcomhar le Cumann Uinseann de Pól. Bhí ráchairt mhór ar an dá imeacht seo agus tharraing siad lucht féachana nua go dtí an Músaem.

Comhoibriú le Bantrácht na Tuaithe (ICA)

Lean an Músaem ar aghaidh lena cheangal le Bantrácht na Tuaithe (ICA) i rith 2010. Nuair a bhí an tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta ann, rinne an Músaem aíocht ar shraith ceardlann ceardaíochta agus taispeántas de shaothar a bhí déanta ag baill de chuid an ICA ó gach uile chearn de Dhún na nGall ar mhaithe le ceiliúradh a dhéanamh ar 100 bliain den ICA. I mí na Samhna, d'eagraigh an Músaem ceardlanna, saor in aisce, i gCeardaíocht Nollag i gcomhar leis an ICA. Rinneadh freastal mhaith ar na himeachtaí seo go léir.

THUAS: **'Tá Máistir agus Mátrún Theach na mBocht, Leitir Ceanainn, ag feithimh le fáilte a chur romhat'. Aisteoirí áitiúla Eoghan MacGiolla Bhríde agus Anna Ní Ghallchóir ar tí aíocht a dhéanamh ar cheann de na turais móréilimh, 'An Stair Beo', i dTeach na mBocht, Leitir Ceanainn, a bhí ar siúl uair sa tseachtain i Músaem an Chontae i rith míonna Iúil agus Lúnasa**
Grianghraf: Caroline Carr

Taispeántais Camchuairte

In 2010, lean an Músaem de bheith ag tabhairt taispeántais ar chamchuairt ar fud Dhún na nGall – i mí Mheithimh, tugadh an taispeántas 'Dance of the Fishing Boats' ar chamchuairt go hOileán Árainn Mhór. I mí Iúil, cuireadh an Taispeántais Iarnróid ar fáil i bPáirc Oakfield, Ráth Bhoth, agus fosta i mí Iúil cuireadh an taispeántas 'Before I Joined The Army' ar fáil do Scoil Shamhraidh Patrick McGill, Na Gleannta.

AR CHLÉ: **Teaghlach beo bocht ag impí ar Mháistir Theach na mBocht i Leitir Ceanainn dídean a thabhairt dóibh**
Grianghraf: Caroline Carr

Ealaín Phoiblí

Bhí 2010 iontach rathúil d'Oifig na hEalaíne Poiblí. Tá Clár na hEalaíne Poiblí i bhfeidhm ag Comhairle Chontae Dhún na nGall le corradh le dhaichead bliain agus go nuige seo bronnadh agus cuireadh i gcrích níos mó ná seasca coimisiún. A bhuíochas d'úsáid a bhaint as Scéim an Chéatadáin le hAghaidh na nEalaíon, tugann an coimisiniú ar Ealaín Phoiblí deis don phobal taithí a fháil ar réimse ollmhór d'ealaín chomhaimseartha ina saol laethúil agus cuireann sé deis agus dúshlán ar fáil don ealaíontóir chun saothar a chruthú a mbeidh aird agus freagra an phobail mar iarmhairt air.

Tréimhse Chónaitheach Altan i dToghcheantar na nGleanntach

Tharla roinnt samplaí i ndáil le coimisiúin úrnua iontacha sa bhliain 2010, ina measc Tréimhse Chónaitheach Altan. Níl banna ceoil traidisiúnta Éireannach ar bith eile, le dhá bhliain déag anuas, a raibh an oiread sin tionchar acu ar lucht éisteachta agus lucht ceoil ar fud an domhain diomaite d'Altan. Ag comhoibriú leis an Lárionad Cultúrtha Réigiúnach ar mhaithe le seachadadh a dhéanamh ar an Tréimhse Chónaitheach 2010, chuaigh Altan i mbun tréimhse chónaitheach oideachasúil ar leith i scoileanna dara leibhéal i dToghcheantar na nGleanntach, ó mhí Feabhra go mí Iúil 2010. Bhí an chúigear atá sa bhanna rannpháirteach sa tréimhse chónaitheach seo, siad sin: Mairéad Ní Mhaonaigh (fidil,amhránaiocht), Ciarán Tourish (fidil, feadóga), Ciarán Curran (bouzouki), Mark Kelly (giotár) agus Dermot Byrne (bosca ceoil). Reáchtáil siad ceardlanna, máistir-ranganna agus ar ndóigh ceolchoirm den chéad scoth ag a dheireadh, ag Ionad Cois Locha Dhún Lúiche mar chuid d'Fhéile Ealaíne an Earagail.

Compántas Redmoon i mBealach Féich / Srath an Urláir

Rinne an Clár d'Ealaín Phoiblí coimisiniú ar an dara tréimhse chónaitheach ealaíontóra ar leith eile do dhaltaí scoileanna iarbhunoideachais i mBealach Féich /Srath an Urláir. Ba do Chomhlacht Redmoon ó Chicago a tugadh an coimisiún seo a bhí bunaithe ar théamaí Frances Browne, file dall Shrath an Urláir, agus a leabhar scéalta sí do pháistí, 'Granny's Wonderful Chair', a bhfuil an-cháil air. Thaispeáin comhlacht Redmoon do na rannpháirtithe óga an dóigh le hathinsint chumachtach a dhéanamh ar théacs áitiúil Frances Browne i gcomhthéacs nuálach. Trí úsáid a bhaint as scáthphuipeadóireacht agus beochan beo, chruthaigh siad beochan soilsithe dar teideal 'A Picture Book', a teilgeadh faoin aer ar éadan gloine Ionad Ealaíon an Bhaloir. Bhí an toradh ina ábhar iontais, tharraing sé an lucht féachana isteach sa scéal agus bhain siad an-taitneamh as. Ba í seo an príomhimeacht d'oscailt Fhéile Ealaíne an Earagail 2010.

'Imaging Donegal'

Bhí 'Imaging Donegal' ina choimisiún spreagúil eile sa Sraith de Thréimhsí Cónaitheacha an Chláir d'Ealaín Phoiblí. Tugadh coimisiúin do chúig ealaíontóir, ealaíontóir amháin le bheith ag obair i ngach ceann de na cúig toghcheantar i nDún na nGall: Simon Burch do Thoghcheantar Srath an Urláir, Chris Primrose do Thoghcheantar Inis Eoghain, Declan Doherty do Thoghcheantar na nGleanntach, Paul Rooney do Thoghcheantar Leitir Ceanainn agus Richard Wayman do Thoghcheantar Dhún na nGall.

Ba í an sprioc faoi leith a bhí ag 'Imaging Donegal' do gach ealaíontóir coimisiúnta ná taighde gníomhach a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar

“IAR PHRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN IDIRNÁISIÚNTA, ROGHNAÍODH CÚIG EALAÍONTÓIR DON TOGHRA ‘LOVELY WEATHER / AIMSIR GALANTA’ A GHRÍOSAIGH EALAÍONTÓIRÍ AGUS EOLAITHE CHUN SCRÚDÚ A DHÉANAMH AR AN TIONCHAR ATÁ AG ATHRÚ AERÁID I NDÚN NA NGALL”

AR CHLÉ: Anthony Lyons (ar dheis) i gcomhairle le fear áitiúil a bhíos ag tuar na haimsire, Micheál Ó Gallchóir, Gleann na Finne, le linn dá thréimhse chónaithe d'ealaíontóir i dToghcheantar Shrath an Urláir mar chuid den togra in ealaín phoiblí darb ainm 'Lovely Weather'

THÍOS: Altan ag seinm do dhaltaí agus do mhúinteoirí i nGairmscoil Mhic Diarmada, Oileán Árainn Mhór, mar chuid dá dTréimhse Cónaithe sa Chlár d'Ealaín Phoiblí i dToghcheantar na nGleanntach. Ó chlé: Mark Kelly (giotár), Dermot Byrne (bosca ceoil), Mairéad Ní Mhaonaigh (fidil) Ciaran Tourish (fidil) agus Ciarán Curran (bazouki)

THÍOS, AR CHLÉ: Scáth-Phuipéadóireacht ar Ionad Ealaíon an Bhaloir, Bealach Féich - ó bheochan soilsithe dar teideal 'A Picture Book', le Redmoon Theatre, clabhsúr an chompántais ar a dtéama ealaíne poiblí 'Frances Brown', le linn a dtréimhse chónaithe ealaíne i dToghcheantar Shrath an Urláir

THÍOS, AR DHEIS: Peter d'Agostino ag scrúdú fianaise ar athrú aeráide ar Oileán Árainn Mhór le linn a thréimhse cónaithe d'ealaíontóir dToghcheantar na nGleanntach, mar chuid den togra in ealaín phoiblí darb ainm 'Lovely Weather'.
Photo: Paul McGuckian

ghné faoi leith den toghcheantar a bhí sannta dó (maraon lena charachtar) ar mhaithe le saothar suntasach grianghrafadóireachta a chruthú a léiródh agus a cheapadh íomhaí agus réaltachtaí áitiúla. D'oscail an taispeántas foriomlán sa Lárionad Cultúrtha Réigiúnach mar pháirt d'Fhéile Ealaíon an Earagail 2010 agus ansin tugadh ar chamchuairt é go dtí na toghcheantair éagsúla i bhfómhar na bliana 2010. D'fhonn comhtharlú leis an taispeántas, d'eagraigh an LICR comórtas grianghrafadóireachta agus cuireadh an pictiúr a bhain isteach i bhfoilseacán 'Imaging Donegal'.

Coimisiún Rory Gallagher

Thug an Oifig d'Ealaín Phoiblí i gComhairle Chontae Dhún na nGall, i gcomhar le Féile Rory Gallagher, coimisiún don dealbhóir, David Annand, chun dealbh a chruthú in onóir an ghiotaraí iomráiteach roc-cheoil agus Blues, Rory Gallagher. Tá an píosa dealbhóireachta galánta cré-umha seo, atá ar thomhas nádúrtha, suite ar shuíomh álainn i mBéal Átha Seanaidh, an áit a rugadh Rory Gallagher. Chruthaigh lainseáil na deilbhe an-chuid spéisé sna meáin náisiúnta, idir nuachtáin, teilifís agus raidió. Rinneadh an dealbh a nochtadh le mórán ollghairdis mar an imeacht phríomha den Fhéile Idirnáisiúnta in onóir Rory Gallagher i mí Mheithimh 2010.

‘Aimsir Ghalánta‘

Tugadh Aimsir Ghalánta, nó 'Lovely Weather', mar theideal ar an Togra d'Ealaín Phoiblí a ba mhó a ghlac Oifig na hEalaíne Poiblí idir lámha go dtí seo agus a tháinig chun críche i mí na Samhna 2010 le holltaispeántas agus comhdháil. I ndiaidh trí bliana de chomhoibriú leis an Lárionad Cultúrtha Réigiúnach agus le Leonardo / OLATS: Fondúireacht Ealaíon & Eolaíochta, chuaigh na páirtnéirí i mbun scrúdaithe ar an dearcadh cultúrtha atá ar fud Dhún na nGall i dtaca le haimsir, aeráid agus a gcuid mionathruithe.

Iar phróiseas roghnúcháin idirnáisiúnta, roghnaíodh cúig ealaíontóir don togra 'Lovely Weather', a ghríosaigh ealaíontóirí agus eolaithe chun scrúdú a dhéanamh ón bhonn aníos ar an tionchar atá ag athrú aeráide ar fud Dhún na nGall. Cheadaigh na tréimhsí cónaitheacha sin am faoi choinne dian-anailís a dhéanamh ar eolaíocht, ar bhitheolaíocht agus ar ealaín. San Iarthar anseo, tá coscairt déanta againn de réir a chéile ar ár nasc ársa leis an aeráid. Go príomha, is de bharr uirbiú ollmhór agus slí mhaireachtála nua-aimseartha a tharla a leithéid agus táthar ábalta meathlú céadfachta i leith meitéareolaíocht agus aeráid a thabhairt faoi deara. Is féidir leis an ealaín cuidiú linn ár dtuiscint ar, agus ár ngaol leis, an aimsir agus an aeráid a fhiosrú agus cuidiú linn ár rannpháirtíocht inmheánach leis an aimsir agus an aeráid a bhraistint agus a thabhairt chun solais, maraon le heasaontas a gcothromaíocht agus an tionchar atá aige sin ar ár ndomhan, sa dóigh chéanna ina ndéanann ealaíontóirí athmhúnlú ar ghaol an duine leis an timpeallacht.

Is féidir tuilleadh eolais ar iomlán na dtograí atá i gceist faoin chlár d'Ealaín Phoiblí a fháil ar an suíomh www.donegalpublicart.ie.

CAIBIDIL 6

Oifig Oidhreachta

> CUIREANN NA CUNTAISÍ ÉAGSÚLA SEO DE SHAOL, D'OIDHREACHT AGUS DE CHULTÚR I NDÚN NA NGALL... GO MÓR LE LENÁR MBRAISTINT DE MHÓRTAS ÁITE

Seachtain Náisiúnta Oidhreachta

Bhí an tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta ar siúl ón Satharn, Lúnasa 21, go dtí an Domhnach, Lúnasa 29. Eagraíodh thar 80 imeacht i gContae Dhún na nGall. D'eagraigh Rannán na Seirbhísí Cultúrtha 25 imeacht díobh sin nó rinne siad óstáil orthu. D'fhoilsigh Oifig Oidhreachta Dhún na nGall eolaire saor in aisce faoi na himeachtaí go léir a bheadh ar siúl le linn na Seachtaine Oidhreachta, leabhrán a raibh ráchairt mhór air.

Mar chuid den tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta agus mar cheiliúradh ar 75 bliain de bhunú Coimisiún Bhéaloideasa Éireann , rinne an Dr. Eithne Ní Ghallchobhair, ó Acadamh Ríoga na hÉireann, cur i láthair le léaráidí dar teideal 'The Irish Folklore Commission and The 1930s Schools Collection: Contributions from Ardara', in ionad a bhí lán go doras le tuairim is 140 duine in Ard an Rátha ar an Mháirt, Lúnasa 24.

Léirigh an cur i láthair an t-ábhar tábachtach pléisiúrtha a bhailigh páistí scoile agus a gcuid múinteoirí bunscoile mar pháirt de Bhailiúchán Lámhscríbhinní na Scol. Thug Fóram Oidhreachta Dhún na nGall agus Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae Dhún na nGall tacaíocht don imeacht sin faoi Phlean Oidhreachta Dhún na nGall.

Scoil Shamhraidh i Scileanna Traidisiúnta Tógála ar Oileán Ghabhla

I gcomhar leis an Chumann um Oidhreacht Ailtireachta Uladh agus Oifig Oidhreachta Dhún na nGall, d'eagraigh Comhairle Chontae Dhún na nGall Scoil Shamhraidh i Scileanna Traidisiúnta Tógála ar Oileán Ghabhla ón Aoine, 11 Meitheamh, go dtí an Domhnach, 13 Meitheamh, mar pháirt de Phlean Oidhreachta Dhún na nGall. Le cois obair chaomhnaithe a dhéanamh ar Theach Charlie Ned, foirgneamh traidisiúnta ar an oileán, eagraíodh turais thart ar ailtirieacht dhúchasach an oileáin trí huaire sa lá thar an deireadh seachtaine. Bhí idir 160 – 200 duine i láthair ar feadh na cúpla lá sin. Bhí roinnt ceardaithe traidisiúnta agus saineolaithe caomhantais ar fáil le comhairle a thabhairt i rith an deireadh seachtaine.

Bailiúchán Oidhreachta Dhún na nGall, 'Life and Lore'

Ba í Mairéad Ní Mhaonaigh ó Altan, agus Pearsa Dhún na nGall na Bliana, a lainseáil Bailiúchán Oidhreachta Dhún na nGall, 'Life and Lore', ar an Chéadaoin, Bealtaine 19. Tá 64 dlúthdhiosca de thaifeadadh béil sa bhailiúchán seo a insíonn páirt de scéal Dhún na nGall trí shaol, agus trí fhocla, roinnt dá muintir.

Rinne Maurice O'Keeffe taifeadadh ar na cuntais éagsúla de shaol, d'oidhreacht agus de chultúr i nDún na nGall, cuntais atá ina gcionroinnt thábhachtach dár mbraistint de mhórtas áite. Ba iad Oifig Oidhreachta Dhún na nGall, na Seirbhísí Cultúrtha, Fóram Oidhreachta Dhún na nGall agus An Chomhairle Oidhreachta a rinne coimisiniú ar Bhailiúchán Oidhreachta 'Life and Lore' mar chuid de Phlean Oidhreachta Dhún na nGall. Is féidir breathnú ar an bhailiúchán trí Sheirbhís Leabharlainne an Chontae.

Staidéar Éiceolaíoch ar Dhá Oileán amach ó Chósta Dhún na nGall

D'fhreastail corradh le 100 duine ar an lainseáil a rinne Éanna Ní Lamhna (ó chlár 'Mooney Goes Wild', RTÉ Raidió 1) ar an 'Staidéar Éiceolaíoch d'Inis Fraoigh agus Inis Meáin' mar chuid de Dheireadh Seachtaine ar chomóradh Peadar O'Donnell, in Ionad Teampaill Chróine, An Clochán Liath, Dé Sathairn, 23 Deireadh Fómhair.

Scaifte a ghlac páirt sa Scoil Samhraidh fá coinne Scileanna Tógála Traidisiúnta ar Oileán Ghabhla i mhí Mheitheamh. Ghlacadh an griangraf taobh amuigh de Teach Charlie Ned.'
Griangraf: Joseph Gallagher

“TÁ AN DR. MARY KELLY, NUI MÁ NUAD, AG OBAIR LE GRÚPAÍ POBAIL ÁITIÚLA AR MHAITHE LE LOGAINMNEACHA A BHAILIÚ IS A MAPÁIL IN OCHT MBAILE FEARAINN SA CHONTAE, MAR CHUID DE PHLEAN OIDHREACHTA DHÚN NA NGALL”

Rinneadh coimisiniú ar an staidéar faoi Phlean Oidhreachta Dhún na nGall agus b'iad John Wann (Aulino Wann & Associates) agus Ralph Sheppard (Gaia Associates) a chuir an staidéar i gcrích.

Staidéar ar Mhuilte agus ar Shuíomhanna Muilte i nDún na nGall

Tugadh coimisiún do Dedalus Architecture agus do John Cronin & Associates le dhul i mbun staidéir ar mhuilte agus ar shuíomhanna muilte sa Chontae mar chuid de chur i bhfeidhm Plean Oidhreachta Dhún na nGall. Fuarthas maoiniú faoina choinne ó Chomhairle Chontae Dhún na nGall agus ón Chomhairle Oidhreachta. Áirithe sa suirbhé, tá bunú bunachar sochuardaithe sonraí de na muilte agus de na suíomhanna mhuilte chomh maith le suirbhé allamuigh roghnaithe, grianghrafadóireacht, forbairt ar chás-staidéir agus taifeadadh ar an oidhreacht thionsclaíoch

Staidéar ar Shuíomhanna Geolaíocha agus Geomoirfeolaíochta i nDeisceart Dhún na nGall

Tugadh coimisiún do Malcolm McClure agus don Dr. Vincent Gallagher chun staidéar a dhéanamh ar shuíomhanna geolaíocha agus geomoirfeolaíochta sa Chontae mar chuid de chur i bhfeidhm Plean Oidhreachta Dhún na nGall (Gníomh 1.6). Áirithe sa suirbhé seo, tá achoimriú déanta ar gheolaíocht Dheiscirt Dhún na nGall, tuairiscí fá shuíomhanna geolaíocha, mapáil déanta ar na suíomhanna geolaíocha agus moltaí curtha faoi bhraid i ndáil le sonrú agus caomhnú na hoidhreachta geolaíoch, i gcomhar le Suirbhé Geolaíoch na hÉireann. Déanfar an staidéar seo a lainseáil i samhradh na bliana 2011.

Leabhrán ar Ailtireacht agus Tírdhreach na Plandála

Seoladh leabhrán dar teideal 'Plantation Architecture and Landscape in Derry and Donegal' ar an Déardaoin, 18 Feabhra, ceann de thrí leabhrán a d'fhoilsigh Músaem Contae Dhún na nGall i gcomhar le Seirbhís Músaem agus Oidhreachta Chomhairle Chathair Dhoire. Ba é Duncan McLaren, Dedalus Architecture, a rinne an taighde agus a scríobh an leabhrán 'Plantation Architecture and Landscape', a ndearna Comhairle Chontae Dhún na nGall páirtmhaoiniú air mar chuid de Phlean Oidhreachta Dhún na nGall. Cabhraíonn an leabhrán seo le cur i gcrích Gníomh 2.11 i bPlean Oidhreachta Dhún na nGall: “Togra píolótach chun tionchar na Plandála ar thírdhreach Chontae Dhún na nGall a scrúdú”

Iniúchadh ar Bhailiúcháin Fótagrafacha

Chuaigh Rónán McConnell i gceann iniúchta ar bhailiúcháin fótagrafacha a bhfuil tábhacht oidhreachta agus stairiúil leo do Chontae Dhún na nGall mar chuid de Phlean Oidhreachta Dhún na nGall (Gníomh 2.4), le maoiniú ó Chartlann Chontae Dhún na nGall. Áirithe san iniúchadh, tá aitheantas na mbailiúchán stairiúla de ghrianghraif agus na háiteanna ina bhfuil siad coimeádta, ceastóireacht na mbailiúchán seo agus bunú bonachar sochuardaithe sonraí. Déanfar an t-iniúchadh a lainseáil in earrach na bliana 2011.

Tógra Píolótach ar Logainmneacha

Tá an Dr. Mary Kelly, an Roinn Tíreolaíochta, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann i Maigh Nuad, ag obair le grúpaí pobail áitiúla ar mhaithe

THÍOS: Ag an lainseáil den bhailiúchán oidhreachta Dhún na nGall, 'Life and Lore' i Músaem an Chontaae. Sa tosach ó chlé: Jean Dickie (Ráth Maoláin), Pakie Manus Byrne (Ard an Rátha), Mairéad Ní Mhaonaigh (Altan & Pearsa Dhún na nGall na Bliana), Evelyn Cunningham (Na Cealla Beaga), Hugh Ó hOireachtaigh (Gleann Domhain), Joe Gallagher (Leitir Ceanainn). Ar cúl ó chlé: Micheál Mac Giolla Eoin (Bainisteoir Contae), Jimí Mac Giolla Chearra (Gleann Cholm Cille), Helen Meehan (Tamhnach an tSalainn), Charlie McConalogue (Leas Mhéara Dhún na nGall), Joseph Gallagher (Oifig Oidhreachta Dhún na nGall), Maurice O'Keeffe (Irish Life and Lore), Charlie McMonagle (Leitir Ceanainn), Seán Ó Connacháin (An Fál Carrach), Séamus Ó hEarcáin (An Craoslach), Pat McEniff (Bun Dobhráin), Séamus Mac Aodha (Gort a' Choirce)
Grianghraf: Caroline Carr

le logainmneacha a bhailiú agus a mhapáil in thart fá ocht mbaile fearainn sa Chontae mar pháirt de Phlean Oidhreachta Dhún na nGall (Gníomh 2.10) a bhuí do mhaoiniú ó Chomhairle Chontae Dhún na nGall, Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Oidhreachta. Beidh an sraith léarscáil á lainseáil i samhradh na bliana 2011.

Turas Siúil thart ar Oidhreacht Ailtireachta Leitir Ceanainn le linn an Oíche Chultúrtha

Mar chuid den Oíche Chultúrtha 2010, d'eagraigh Oifig Oidhreachta Dhún na nGall turas siúil thart ar oidhreacht ailtireachta Leitir Ceanainn, siúlóid a threoraigh Brendan Gallagher, ailtire caomhantais, ar an Aoine 24 Meán Fómhair. Tharraing an turas siúil seo aird ar dhornán foirgneamh stairiúil atá ina gcríoch-chomharthaí de shráid-dhreach an bhaile agus chuidigh sé leis na rannpháirtithe stíleanna coitianta ailtireachta agus gnéithe coitianta den oidhreacht thógtha a aithint. Chríochnaigh an turas ag an Músaem Contae ar an Bhóthar Ard, áit ar bhain na rannpháirtithe sult as turais an 'Stair Beo'thart ar Theach na mBocht, a dhearaigh George Wilkinson.

DEISEAL, Ó DHEIS: Bhí siopa Ernest Speer, struchtúr cosanta ar Phríomhshráid Leitir Ceanainn, ar cheann de na stadanna ar an Turas Siúil thart ar Thimpeallacht Thógtha an bhaile, turas a threoraigh an t-ailtire caomhantais Brendan Gallagher mar chuid den Oíche Chultúrtha

Mar chuid de chur i bhfeidhm Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, rinne an Oifig Oidhreachta agus Fóram Oidhreachta Dhún na nGall coimisiniú ar Staidéar Muilte agus Suíomhanna Muilte i nDún na nGall.
Grianghraf: Joseph Gallagher

Rinne an Dr. Eithne Ní Ghallchobhair, ó Acadamh Ríoga na hÉireann, cur i láthair léiritheach dar teideal 'The Irish Folklore Commission and The 1930s Schools Collection - Contributions from Ardara', do 140 duine in Ard an Rátha mar pháirt den tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta.
Grianghraf: Joseph Gallagher

Ionad Cultúrtha Réigiúnach

An Lárionad Cultúrtha Réigiúnach

Tá forbairt déanta ag Comhairle Chontae Dhún na nGall ar acmhainn de chaighdeán domhanda, ceann de na háiseanna ealaíon is breátha in Éirinn, foirgneamh saindheartha don chuspóir a bhfuil duaiseanna bronnta air. I léirmheas mór san Irish Times, dúradh "cuireann an foirgneamh sonrach úrnua ealaíon i Leitir Ceanainn Dún na nGall isteach i gcomhthéacs idirnáisiúnta seachas ar an imeall".

Is í an fhís atá ag Comhairle Chontae Dhún na nGall don Lárionad Cultúrtha Réigiúnach (LICR) ná forbairt chultúrtha i gContae Dhún na nGall agus lasmuigh den chontae a threorú, agus cuidiú leis an fhorbairt níos leitheadaí sa Chontae tríd an chultúr. Tá sé mar aidhm ag an Chomhairle an LICR a fhorbairt mar ionad ardchlúiteach do na dearcealaíona agus do na healaíona a mbíonn rannpháirtíocht ag an phobal iontu. Tugtar tús áite do na chineálacha ealaíne seo a leanas: na dearcealaíona, scannánaíocht & na meáin dhigiteacha, ceol, agus na healaíona oideachasúla / pobail.

Ó osclaíodh an t-ionad sa bhliain 2007, tá clár thar a bheith lán gníomhaíochtaí d'ardchaighdeán curtha ar fáil ag an LICR, céatadán mór acu sin a eagraíodh i gcomhpháirtíocht le grúpaí cultúrtha, pobail agus comhlachtaí reachtúla laistigh den réigiún agus níos faide ar shiúl. Táthar in ann an clár seo a reáchtáil a bhuí do mhaoiniú bliantúil ón Chomhairle Ealaíon, Comhairle Baile Leitir Ceanainn, Comhairle Chontae Dhún na nGall agus maoiniú do thograí ó fhoinsí éagsúla. Tá a chlú cruthaithe cheana féin ag an LICR de thairbhe coimisiniú agus eagrú a dhéanamh ar thaispeántais ealaíne atá dírithe ar lucht féachana áitiúil, ina measc roinnt mhaith taispeántas idirnáisiúnta den chéad scoth.

Clár Taispeántais

Bhí trí thogra mór sa chlár taispeántas in 2010 a cuireadh ar siúl i gcomhpháirtíocht le hOifig na hEalaíne Poiblí i gComhairle Chontae Dhún na nGall. Bhí siad seo maoinithe ag Scéim an Chéatadáin le hAghaidh na nEalaíon, a chuireann an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil ar fáil.

Coimisiún grianghrafach ab ea **'Temperance'**, le Abigail O'Brien, a rinne doiciméadú ar mhonarcha milseáin Oatfield i Leitir Ceanainn. D'oscail an taispeántas seo san LICR i mí na Samhna 2009 agus lean sé ar aghaidh go dtí Eanáir 2010.

Coimisiún grianghrafach eile ab ea **'ID - Imaging Donegal'**, ina raibh páirt ag cúig ealaíontóir – grianghrafadóir iomráiteach ó gach toghcheantar – Paul Rooney (Leitir Ceanainn), Declan Doherty (Na Gleannta). Simon Birch (Srath an Urláir), Richard Wayman (Dún na nGall) agus Chris Primrose (Inis Eoghain). Cuireadh 'ID- Imaging Donegal' ar taispeántas san LICR ó mhí Iúil go mí Mheán Fómhair chun cur le Féile Ealaíon an Earagail agus ar taispeántas i sé ionad eile ar fud an Chontae i rith mí Dheireadh Fómhar-mí na Samhna.

Sa togra **'Lovely Weather'**, togra cónaitheach idirnáisiúnta ealaíne agus athrú aeráide i gcomhar le Leonardo Olats, iris ealaíon agus eolaíochta Francach / Meiriceánach, bhí arís cúig mheitheal ealaíontóirí ó na cúig thoghcheantar páirteach ann. Tháinig sé seo chun críche le taispeántas agus comhdháil aonlae san LICR i míonna na Samhna-na Nollag. Sa togra 'Weather Proof', rinne Antony Lyons (RA) taiscéaladh ar na sraitheanna atá i bhfolach faoi na portaigh agus dríodar na lochanna i nGleann na Finne.

> CUIREANN AN FOIRGNEAMH SONRACH ÚRNUA EALAÍON I LEITIR CEANAINN DÚN NA NGALL ISTEACH I GCOMHTHÉACS IDIRNÁISIÚNTA SEACHAS AR AN IMEALL
>
> *Irish Times*

Chuaigh Comhcheangal na nEolaithe Samhailteacha (SAM) i gcomhar le NASA ar an togra 'Mars Rover Project', ar mhaithe le staidéar a dhéanamh ar na comparáidí idir farraigí Mars, mar a bhí, agus farraigí an Domhain, mar a bheidh. Sa togra 'Carbon Fingerprint', bhain ealaíontóir as Ceanada, Seema Goel, úsáid as olann áitiúil mar mheafar chun an gaol idir athrú aeráide agus an eacnamaíocht a léiriú.

Rinne Peter d'Agostino (SAM) ina shaothar 'World-Wide Walks' taiscéaladh ar fhéiniúlachtaí nádúrtha, cultúrtha agus réaltachta (gréasáin) d'fhonn an díospóireacht ar athrú aeráide in Iarthar Dhún na nGall a mhapáil agus a athchruthú. I nDeisceart Dhún na nGall, rinne Softday (Éire) forbairt ar bhogearraí faoi leith chun sonraí ó MET Éireann agus an tInstitiúd Mara ó Bhá Dhún na nGall a aistriú go ceol beo 'teibí'.

I measc na mbuaicphointí eile, bhí 'Noughties But Nice' (taispeántas mór ó ghrúpa Éireannach a fuair maoiniú ón Chomhairle Ealaíon agus a chuaigh ar chamchuairt), 'Seminal Sixties' (le Richard Hamilton, pop-ealaín íocónach ó Chomhairle na Breataine) agus Aisbhreathnú Náisiúnta an Lucht Siúil 1985-2010 (le Togra Lucht Siúil Dhún na nGall agus Blue Drum). Bhí siad seo a leanas i measc na dtaispeántas a bhí bainteach le Dún na nGall - 'Abandoned Donegal' (coimisiún grianghrafach de chuid Denzil Browne), Súil na nóg (Ealaín don Teastas Sóisearach, an ceathrú seó déag bliantúil ó Chumann na Múinteoirí Ealaíne i nDún na nGall), 'Borderland' (togra pobail lionsabhunaithe le North 55) agus 'Brighter Days' (ó Daniel McGarrigle, a fuair coimisiún do líníochtaí beochana agus scannán beochana gearr).

Ceolchoirmeacha

Bhí clár bríomhar de cheolchoirmeacha ócáideacha ar siúl ar feadh na bliana. Ina measc bhí Altan agus Sean Chairde, an Cór Aireagail Náisiúnta agus an sraith bunaithe de cheolchoirmeacha le Ceol Aireagail Dhún na nGall, Societya. Eagraíodh sé ghig iontach d'Fhéile Ealaíon an Earagail ina raibh béim mhór ar thallann 'Déanta i nDún na nGall' ina raibh Kevin Doherty, an West Ocean String Quartet, Fidil agus an chéad léiriú den 'Teelin Voyage', coimisiún a rinneadh i gcomhar le Comhairle Chultúrtha Vesteralen san Iorua agus Comhairle Chultúrtha Iarthar na hÍoslainne.

Cineama agus Scannánaíocht

Rinneadh an chuid ab fhearr den scannánaíocht idirnáisiúnta a thaispeáint i gclubanna scannáin i gcomhar le Access Cinemas. Cuireadh críoch le Féile Scannánaíochta Ógra an Iarthuaiscirt, togra Dhoire/Dhún na nGall i gcomhar leis an Nerve Centre agus sé ghrúpa óige, agus a bhí maoinithe ag Peace III, i bhféile scannánaíochta i mí Aibreáin.

Féile Bhealtaine

Sa Clár 'Roinnt Eispéiris' (i gcomhpháirtíocht le Seirbhísí Cultúrtha Chomhairle Contae Dhún na nGall, An Gailearaí, An Fál Carrach, agus eagraíochtaí do dhaoine aosta), a bhí mar pháirt d'Fhéile Bhealtaine 2010, a bhí maoinithe faoi Peace III, eagraíodh níos mó ná 100 imeacht ar fud an Chontae agus trasteorann.

I measc na gcinn a ba shuntasaí, bhí 'Landscape and Memory', togra péintéireachta draíochtach treoraithe ag an ealaíontóir Ann Quinn, agus 'Ancient Roots', foilseachán de sheanleigheasanna iontacha, treoraithe ag an luibheolaí Niamh McGinley.

“BHÍ DALTAÍ Ó OCHT SCOIL DARA LEIBHÉAL Ó THOGHCHEANTAR NA NGLEANNTACH RANNPHÁIRTEACH SA TOGHRA, AGUS TUAIRIM IS 50 DÍOBH AG SEINM LE ALTAN AGUS CEOLFHOIREANNN ÓIGE DHÚN NA NGALL AR AN OÍCHE IONTACH STAIRIÚL SIN”

Daoine Óga agus Éagsúlacht Chultúrtha

Bhí clár cuimsitheach a mhair ar feadh bliana i bhfeidhm do pháistí agus don aos óg i gcomhpháirtíocht le Seirbhísí Óige Dhún na nGall, Cothú Sláinte an FSS, Seirbhísí Cultúrtha na Comhairle Contae agus dreamanna eile, ina measc an tríú Wainfest déag bliantúil. Bhí an t-ádh ar an LICR fosta a bheith ábhalta ról sonrach a bheith acu i mí na Samhna sa chéad ‘Dún na nGall Amháin’, Mí na hÉagsúlachta Cultúrtha, a bhí maoinithe faoi Peace III.

Tréimhse Chónaitheach Altan

I mbliain a bhí lán de bhuaicphointí, is dócha gurb é an ceann ab fhearr den iomlán ná a bheith páirteach i dtreimhse chónaitheach Altan, i gcomhar le hOifig Ealáine Poiblí na Comhairle Contae, agus a chlabhsúr a fheiceáil le linn na ceolchoirme in Ionad Cois Locha, Dún Lúiche, mar chuid d’Fhéile Ealaíon an Earagail i mí Iúil. Bhí daltaí ó ocht scoil dara leibhéal ó Thoghcheantar na nGleanntach rannpháirteach sa togra, agus bhí tuairim is 50 díobh sin ag seinm in éineacht le hAltan agus Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall ar an oíche iontach stairiúil sin in Ionad Cois Locha, Dún Lúiche.

THUAS: **Íomhá le Abigail O’Brien óna taispeántas dar teideal ‘Temperance’, coimisiún fótagrafach a insíonn scéal Mhonarcha Milseán Oatfield, Leitir Ceanainn.**
Grianghraf: **Abigail O’Brien**

AR CHLÉ: **Ensemble Téadach Chomhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall sa Lárionad Cultúrtha Réigiúnach i gcuideachta (ó chlé) Orsolya Szabó-Yélamo (veidhlín), Michael McGinty (olldord), Víctor Yélamo, (dordveidhil) agus Lucia Spacirova (veidhlín/vióla)**
Grianghraf: **John Soffe**

THÍOS: **Sampla den saothar a chruthaigh rannpháirtithe sa cheardlann beochana a reáchtáil Daniel McGarrigle, páirt den chlár Wainfest sa Lárionad Cultúrtha Réigiúnach**
Grianghraf: **Daniel McGarrigle**

THIAR, AR CHLÉ: **Rannpháirtithe sa togra ‘The Hills Remember / Landscape and Memory’, faoi threoir an ealaíontóra Ann Quinn – togra do Fhéile Bhealtaine a d’eagraigh an Lárionad Cultúrtha Réigiúnach**
Grianghraf: **Ann Quinn**

Pearsanra de chuid Rannáin na Seirbhísí Chultúrtha

Foireann Rannáin na Seirbhísí Chultúrtha - le Seamus Neely, Bainisteoir Chontae Dhún na nGall agus aoí chainteoirí speisialta - a fhreastal ar an Lá do na Seirbhísí Chultúrtha ag an tIonad Chultúrtha Réigiúnach i Leitir Ceanainn

Eileen Burgess
LEABHARLANNAÍ CHONTAE/
RANN-BHAINISTEOIR, SEIRBHÍSÍ CHULTÚRTHA

Seirbhís Leabharlainne
Comhairle Chontae Dhún na nGall
Lána Cnoc na Róis
Leitir Ceanainn
Contae Dhún na nGall

t: +353(0)74 9121968
e: eburgess@donegalcoco.ie
w: www.donegallibrary.ie

Maureen Kerr
LEABHARLANNAÍ FHEIDHMEANNACH
SÓISEARACH

Seirbhís Leabharlainne
Comhairle Chontae Dhún na nGall
Lána Chnocán na Rósanna
Leitir Ceanainn
Contae Dhún na nGall

t: +353 (0)74 91 21968
e: maureenkerr@donegalcoco.ie
w: www.donegallibrary.ie

Donna Quinn
LEABHARLANNAÍ FHEIDHMEANNACH
SÓISEARACH DÚN NA NGALL, SRAITH AN URLÁIR, NA GLEANNTAÍ

Leabharlann Bhaile Bó Féich
Baile Bó Féich
Leifear PO
Contae Dhún na nGall

t: +353 (0)74 91 75384
e: dquinn@donegalcoco.ie
w: www.donegallibrary.ie

Helen McNutt
LEABHARLANNAÍ FHEIDHMEANNACH
SÓISEARACH / IONADAÍ

Seirbhís Leabharlainne
Comhairle Chontae Dhún na nGall
Aonad 7, Bothar an Spíne
Machaire Eanain
Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall

t: +353 (0)74 9168743
e: hmcnutt@donegalcoco.ie
w: www.donegallibrary.ie

Joseph Gallagher
OIFIGEACH OIDHREACHTA

Oifig Oidhreachta
Comhairle Chontae Dhún na nGall
Oileán an Stáisiún
Leifear
Contae Dhún na nGall

t: +353 (0)74 9172576
e: heritage@donegalcoco.ie

Judith McCarthy
COIMEADAÍ MHUSAÉM

Musaém an Chontae
An Bóthar Ard
Leitir Ceanainn
Contae Dhún na nGall

t: +353 (0)74 9124613
e: judith.mccarthy@donegalcoco.ie

Niamh Brennan
CARTLANNAÍ

Seirbhís Cartlainne
Comhairle Chontae Dhún na nGall
Ionad na dTrí Abhann
Leifear
Contae Dhún na nGall

t: +353 (0)74 9172490
f: +353 (0)74 9142290
e: archivist@donegalcoco.ie
w: www.donegalcoco.ie/archives

Terre Duffy
BAINISTEOIR, EALAÍN PHOIBLÍ

Oifig Ealaíon Poiblí
Comhairle Chontae Dhún na nGall
Ionad Seirbhísí Phobail
Bóthar Niall Blaney
Leitir Ceanainn
Contae Dhún na nGall

t: +353 (0)74 9194200
e: terre.duffy@donegalcoco.ie
w: www.donegalpublicart.ie

Shaun Hannigan
BAINISTEOIR, AN TIONAD
CHULTÁRTHA RÉIGIÚNDA
Ionad Cultúrtha Réigiúnda
Bóthar an Phort
Leitir Ceanainn
Contae Dhún na nGall

t: +353 (0)74 9129186
e: sean.hannigan@donegalcoco.ie
w: www.regionalculturalcentre.com

Traolach Ó Fionnáin
OIFIGEACH EALAÍNE

Seirbhís Ealaíne
Comhairle Chontae Dhún na nGall
Lána Cnoc na Róis
Leitir Ceanainn
Contae Dhún na nGall

t: +353 (0)74 9121968
e: traolach@donegalcoco.ie

Scaifte páistí a bhain taitneamh as an gCarbhán Scéalaíochta ag Leabharlann Phobail Charn Domhnaigh, le scéalaí Melissa Barker, mar chuid d'Fhéile Ealaíne an Earagail.
Griangraf: Ursula Cutliffe.

Athníonn Rannán na Seirbhísí Cultúrtha de Chuid Comhairle Chontae Dhún na nGall, cé comh tábhachtach dó is atá tacaíocht a chuid maoinitheoirí agus a chuid páirtnéirí in eagraíochtaí eile. Gan iad, ní tharlódh na toghraí is na cláracha atá léirithe sa foilsiúcán seo.

Foilsithe ag Seirbhísí Chultúrtha de chuid Comhairle Chontae Dhún na nGall
Leabharlann Dhún na nGall
Lána Chnocán na Rósanna
Leitir Ceanainn
Contae Dhún na nGall

t: +353 (0)74 9121968

Comh-Scríbhneóirí: Eileen Burgess, Donna Quinn, Helen McNutt, Judith McCarthy, Joseph Gallagher, Niamh Brennan, Terre Duffy, Shaun Hannigan, Traolach Ó Fionnáin.

Dearadh: Mitchell Davies Design (www.mitchelldavies.com)

Clóbuailte ag: Browne Printers Ltd., Leitir Ceanainn.

© Comhairle Chontae Dhún na nGall 2011

comhairle chontae dhún na ngall
donegal county council